An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**EUCO 19/25**

**CO EUR 16**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Uachtarán na Comhairle Eorpaí |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (23 Deireadh Fómhair 2025)<br>- an Úcráin |

Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí san Úcráin. Thacaigh 26 Cheann Stáit nó Rialtais go láidir leis an téacs a leagtar amach sa doiciméad seo.

**AN ÚCRÁIN**

1. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine.

2. Ag meabhrú di na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht leanúnach bhuanseasmhach do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine, i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe atá ar aon intinn leis.

3. D'ainneoin iarrachtaí leanúnacha taidhleoireachta a bheith déanta ag SAM agus ag an Eoraip i dtreo na síochána agus d'ainneoin an Úcráin a bheith faoi réir chun an tsíocháin sin a shaothrú, tá méadú tagtha ar dhéine na n-ionsaithe diúracán agus drón atá á ndéanamh ag an Rúis ar an Úcráin, lena ndírítear go háirithe ar shibhialtaigh agus ar an mbonneagar sibhialtach, rud a léiríonn easpa fíorthoil pholaitiúil na Rúise deireadh a chur lena cogadh foghach agus dul i mbun caibidlíocht fhónta síochána. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach arís ar an Rúis teacht ar chomhaontú maidir le sos cogaidh iomlán neamhchoinníollach láithreach, ar chomhaontaigh an Úcráin leis i mí an Mhárta 2025, agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn an tAontas Eorpach le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach san Úcráin, bunaithe ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Chomhairle Eorpach na prionsabail a leagadh amach an 6 Márta 2025 ar cheart iad a bheith ina dtreoir don chaibidlíocht síochána.

4. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit de bheith ag rannchuidiú leis na hiarrachtaí síochána, go háirithe trí Chomhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha agus i gcomhar leis na Stáit Aontaithe, agus trína bhfor-rochtain dhomhanda sin a threisiú, i gcomhréir le haidhm an Aontais Eorpaigh an tsíocháin a chur chun cinn, mar a chumhdaítear sna Conarthaí.

5. Is dlúthchuid d’aon ráthaíochtaí slándála a thabharfar amach anseo go mbeadh sé ar a cumas ag an Úcráin í féin a chosaint ar bhealach éifeachtach. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit faoi réir, bunaithe ar a n-inniúlachtaí agus a gcumais faoi seach agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, tá siad faoi réir chun rannchuidiú le ráthaíochtaí láidre inchreidte slándála don Úcráin, go háirithe trí thacú le cumas na hÚcráine na hionsaithe uirthi a chosc agus í féin a chosaint ar bhealach éifeachtach. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair atá ar siúl chun na sainorduithe atá ag Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh don Úcráin (EUAM Ukraine) agus Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) a athbhreithniú. Tá sé geallta ag na Ballstáit go rannchuideoidh siad le hoiliúint agus trealamh a chur ar fáil d’Fhórsaí Armtha na hÚcráine. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an tacaíocht don Úcráin i gcomhréir leis na gealltanais chomhpháirteacha slándála atá tugtha ag an Aontas agus ag an Úcráin.

6. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a bhuntábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh an Úcráin athléimneach feasta agus go mbeidh na hacmhainní buiséadacha agus míleata aici chun leanúint dá ceart bunúsach féinchosanta a fheidhmiú agus chun cur i gcoinne fhogha na Rúise.

7. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht airgeadais rialta intuartha a thabhairt don Úcráin san fhadtéarma, i dteannta comhpháirtithe agus comhghuaillithe atá ar aon intinn leis. In 2025, chuir an tAontas Eorpach EUR 20.5 billiún ar fáil do bhuiséad na hÚcráine, dár eisíocadh EUR 6.5 billiún faoin tSaoráid don Úcráin, agus chuir sé EUR 14 bhilliún ar fáil faoi thionscnamh mear-iasachtaí an ghrúpa G7, a aisíoctar le brabúis amhantair shócmhainní blocáilte na Rúise. Ó thosaigh an Rúis an cogadh foghach ar an Úcráin, tá EUR 177.5 billiún curtha ar fáil ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit chun tacú leis an Úcráin agus lena muintir.

8. Tá an Chomhairle Eorpach tiomanta aghaidh a thabhairt ar na riachtanais airgeadais phráinneacha atá ag an Úcráin do 2026-2027, lena n-áirítear na hiarrachtaí míleata agus cosanta a bheidh le déanamh aici. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún roghanna a thíolacadh, a luaithe is féidir, maidir le tacaíocht airgeadais bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais mhaoinithe na hÚcráine agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an obair a thabhairt ar aghaidh, chun go bhfillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist sin ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici. Faoi réir dhlí an Aontais, ba cheart sócmhainní na Rúise a bheith blocáilte go dtí go gcuirfeadh sí deireadh leis an gcogadh foghach atá á fhearadh aici ar an Úcráin agus go dtí go gcúiteodh sí an damáiste atá déanta sa chogadh sin.

9. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé go leanfadh na Ballstáit de dhlús a chur leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha mhíleata agus chosanta na hÚcráine, go háirithe córais aerchosanta agus frithdhrón, agus armlón mórchalabra. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur leis an obair chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thionscal cosanta na hÚcráine, agus an tionscal sin a fhorbairt agus infheistíocht a dhéanamh ann, lena n-áirítear trí tháirgeadh cosanta na hÚcráine a bhunú sna Ballstáit, agus chun cur leis an gcomhar agus leis an gcomhtháthú le tionscal cosanta na hEorpa, agus leas á bhaint aici as taithí agus saineolas uathúil atá aici.

10. Agus tacaíocht mhíleata agus ráthaíochtaí slándála á gcur ar fáil don Úcráin, tabharfar lánurraim don bheartas slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

11. Cáineann an Chomhairle Eorpach na hionsaithe treisithe atá á ndéanamh ag an Rúis ar earnáil fuinnimh na hÚcráine, go háirithe ar an táirgeadh gáis agus ar shábháilteacht agus slándáil ghléasra cumhachta núicléiche Zaporizhzhia, atá i mbaol. Iarrann sí go ndéanfaí gach iarracht chun cabhrú go práinneach le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais láithreacha tar éis na n-ionsaithe agus chun ullmhacht na hÚcráine don gheimhreadh a neartú. Cuirfidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, i gcomhar le comhpháirtithe, dlús leis an gcúnamh daonnúil agus cosanta sibhialta a thugtar don Úcráin.

12. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach leanúint de bhrú a chur agus a mhéadú ar an Rúis chun stop a chur lena cogadh foghach brúidiúil, lena n-áirítear trí smachtbhannaí breise a fhorchur. Sa chomhthéacs sin, dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur díol sásaimh di go nglacfar an 19ú pacáiste smachtbhannaí. Leagann an Chomhairle Eorpach béim freisin ar a thábhachtaí atá sé comhordú leis na comhpháirtithe sa ghrúpa G7 maidir le smachtbhannaí, agus a thábhachtaí atá sé cur leis na bearta chun teacht timpeall a sheachaint.

13. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí bearta breise chun cur isteach ar oibriú scáthchabhlach na Rúise. Iarrann sí go háirithe go dtabharfaí aghaidh go héifeachtach ar na rioscaí suntasacha comhshaoil agus slándála a bhaineann leis an scáthchabhlach, go háirithe trí fheabhas a chur ar fhorfheidhmiú na gcaighdeán sábháilteachta comhshaoil agus muirí agus tríd an gcomhar le Stáit bhrataí a neartú. Chuige sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú.

14. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar an tacaíocht atá á tabhairt ag thríú tíortha, agus ag gníomhaithe agus eintitis sna tíortha sin, a chuireann ar chumas na Rúise leanúint dá cogadh foghach ar an Úcráin. Cáineann an Chomhairle Eorpach an tacaíocht mhíleata leanúnach atá á tabhairt ag an Iaráin, ag an mBealarúis agus ag DPDC. Tathantaíonn sí ar gach uile thír deireadh a chur láithreach le haon chúnamh díreach nó indíreach don Rúis agus cogadh foghach á fhearadh aici ar an Úcráin.

15. Cuireann an Chomhairle Eorpach mar dhianachainí ar an Rúis agus ar an mBealarúis a áirithiú láithreach go dtabharfaí ar ais go sábháilte chun na hÚcráine leanaí uile agus sibhialtaigh eile na tíre sin a díbríodh agus a aistríodh go neamhdhleathach chuig an Rúis agus chuig an mBealarúis.

16. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach meáite ar chuntasacht iomlán a áirithiú i leith na gcoireanna cogaidh agus i leith na gcoireanna is tromchúisí dá bhfuil á ndéanamh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

17. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach tacaíocht dhaingean an Aontais do chonair na hÚcráine i dtreo ballraíocht san Aontas, agus is díol sásaimh di an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an Úcráin go dtí seo in ainneoin í a bheith in anacair ghéar. Molann an Chomhairle Eorpach don Úcráin, don Chomhairle agus don Choimisiún leanúint den obair ar an bpróiseas aontachais, i gcomhréir leis an gcur chuige fiúntasbhunaithe. Osclófar cnuasach na mbunphrionsabal ar dtús agus is é is déanaí a dhúnfar, agus osclófar cnuasaigh de réir mar a chomhlíonfar na coinníollacha, i gcomhréir le modheolaíocht an mhéadaithe. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go cuí go measann an Coimisiún go bhfuil na cnuasaigh a leanas réidh le hoscailt: na bunphrionsabail, an margadh inmheánach agus an caidreamh seachtrach.

18. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar seo ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.